Nollaig 2011

# Nuachtlitir Choláiste Feirste

Coláiste Feirste, 7 Páirc Radharc na bhFeá, An Cheathrú Ghaeltachta, Béal Feirste, BT12 7PY
Fón 028 9032 0707 Fács 028 9032 4301 www.colaistefeirste.com

## Barr feabhais bainte amach ag Coláiste Feirste athuair



**Yet again Coláiste Feirste pupils have produced impressive GCSE and A Level results. In addition we have had outstanding individual performances with A* grades not only in Irish but in English and Art also. Other subjects, such as Science and Drama have had wonderful overall results.**

Chuir muid go mór lenár gcuraclam GCSE le blianta beaga anuas go 26 ábhar agus dá bhrí sin is féidir le gach dalta, eatarthu sin le buanna acadúla agus iad siúd le buanna ealaíne, spóirt nó eile, an meascán cuí ábhar a roghnú a thagann lena súilíochtaí agus ábaltachtaí. Nuair a chuirtear leis sin díogras iontach na múinteoirí agus tiomantas na dtuismitheoirí, ní aon ábhar iontais é go mbíonn Coláiste Feirste ar na scoileanna is fearr ó thaobh tagarmharcála de gach bliain. Tréaslaím ó chroí na sárthorthaí seo le pobal na scoile – daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí.

## Bliain 8 Nua

**Year 8 students from Belfast's Bunscoileanna continue their Irish Medium Educational journey in Coláiste Feirste by engaging in our innovative transfer programme.**



Cuireadh fáilte roimh ghrúpa nua daltaí i mBliain 8 ag deireadh mhí Lúnasa. Tháinig siad ó bhunscoileanna Bhéal Feirste agus duine nó beirt as ceantracha níos faide ar shiúl ar nós Machaire Rátha agus Cromghlinn. Cuireadh Clár Cuimsitheach Aistrithe ar fáil do na daltaí sular thosaigh na ranganna agus bhí deis acu aithne a chur ar a chéile agus le dul i dtaithí ar an timpeallacht nua scoile. Bhí deis acu ar ndóigh bualadh lena múinteoirí nua agus thug na maoir shinsearacha aire mhaith do na ranganna éagsúla sa chéad bhliain. Guímis gach rath ar na daltaí nua a tháinig chugainn agus táimid cinnte go mbeidh éispeireas foghlama spreagúil acu anseo sa Choláiste.

## Díograiseoir na nGael ar shlí na fírinne

**It was with heavy hearts that the Coláiste Feirste school community learned of the untimely death of Máirtín Ó Dochartaigh in December 2011. Máirtín worked in the school library for a number of years and his two sons, Ciarón and Dónall attended the school while his daughter Aoife is in Year 12. A stalwart of the Irish language community in Belfast Máirtín will be sorely missed by his friends here in the college.**

Bhí Máirtín tiománta dá theaghlach, dá phobal agus don Ghaeilge. Chaith sé a shaol ag cur na dtosaíochtaí sin chun cinn agus d'fhan sé dílis dóibh go deireadh. Bhí an-speis go deo ag Máirtín san óige agus ba mhian leis i gcónaí go mbeadh na deiseanna céanna ag na Gaeil óga agus a bhí ag daoine óga eile sa chathair. Níor fhan sé i mbun na measarthachta ach rinne sé beart de réir a bhriathair agus chinntigh sé go raibh Cumann Óige rathúil ag aos óg thuaiscirt na Cathrach. Mairfidh cuimhne Mháirtín fada buan i measc a chairde anseo i gColáiste Feirste agus déanaimis comhbhrón ó chroí lena bhean Jill agus a theaghlach uilig. Ar dheis Dé go raibh a anam uasail.



# Ceannairí na nDaltaí

**The student leadership team were appointed at the beginning of the year. The office of Head Boy, Head Girl and Ceannaire na Gaeilge are important positions within the school that provide role models for younger students and leadership opportunities for the seniors.**

Tá foireann nua ceannaireachta roghnaithe ó na daltaí sinsearacha i mbliana agus is le fonn agus le fuinneamh atá na ceannairí sin ag tabhairt faona ndualgas. B'éigean do na hiarrthóirí don phost dul faoi agallamh agus an plean a bhí acu don ról tábhachtach seo a chur in iúl. Is cinnte go leanfaidh an fhoireann seo leis an dea-obair a thosaigh ceannairí na bliana seo caite agus go gcuirfidh siad a scileanna chun tairbhe na ndaltaí sóisearacha agus a gcomhghleacaithe sa scoil shinsearach. Is iad Naoise Ó Faoláin agus Fionnuala Nic Roibeaird na ceannairí nua, Pádraig Ó Flanagáin agus Aoife Nic Con Mhidhe na Leas-cheannairí. Is iad Emmet Ó Garmaile agus Maedhbh Nic Aindreasa ceannairí na Gaeilge. Ádh mór orthu!





**Coláiste Feirste Year 9 Hurlers lifted the Rehill Cup in a rainsoaked final against Abbey Grammar School in Newry. The Group C Ulster Champions were permitted to play in Group B as well reached the semi final of that competition where they lost to St Louis, Ballymena.**

# Iománaíocht Bliain 9

D'éirigh le foireann iomána Choláiste Feirste an bua a fháil ar Scoil na Mainistreach as Iúr Chinn Trá agus Corn Rehill a bhreith leo ar ais go Béal Feirste don chéad uair tráthnóna Dé Luain 24 Deireadh Fómhair. Níor chuir an bháisteach throm isteach ar na Feirstigh agus iad ag imirt ar pháirc an fhreasúra san Iúr agus chomh luath agus a chaith an réiteoir an sliotar isteach i lár na páirce, d'ardaigh Aodhán Mac Cába é agus d'imigh sé leis gur aimsigh sé cúl. Ghlac Scoil na Mainistreach le dúshlán na bhFeirsteach agus d'aimsigh siad féin an eangach go luath ina dhiaidh sin. Gortaíodh Caolán Mac Cathail agus b'éigean é a bhaint den pháirc. Ba bhuile sin d'fheachtas na bhFeirsteach agus thóg muintir an Dúin an cluiche. Chríochnaigh an dá fhoireann cothrom ag leath ama ach bhí an bua ag na Feirstigh le 7 gcúilín nuair a shéid an réiteoir an fheadóg ag deireadh an chluiche.

Dúirt bainisteoir na foirne Ciarán Mag Aoidh i ndiaidh an chluiche "D'imir imreoirí an Choláiste go hiontach agus tá mé iontach bródúil astu"

Na Feirstigh Abú!

# An fhoireann neamhtheagaisc-laochra na scoile!



**The support staff in the school fufill an important role which can sometimes go unnoticed. From keeping the building in good condition to ensuring that pupils with special educational needs can access the curriculum fully their endeavours are another reason for the Coláiste Feirste success story.**

Tá sé furasta in amanna dearmad a dhéanamh ar na daoine a bhíonn ag obair go crua sa chúlra. Is baill den fhoireann neamhtheagaisc a bhíonn anseo an chéad rud ar maidin leis an fhoirgneamh a oscailt agus bíonn siad ar na daoine deireanacha ag fágáil shuíomh na scoile gach oíche. Cinntíonn siad go mbíonn freastal á dhéanamh ar dhaltaí le riachtanais ar leith agus is iadsan atá freagrach as a chinntiú go bhfuil córas riaracháin na scoile ag feidhmiú mar is ceart. Tabharfaidh siad aire do dhalta atá tinn nó cuideoidh siad le daltaí atá faoi bhrú lean n-obair baile a dhéanamh mar is ceart. Is iardhaltaí iad go leor den fhoireann agus is iontach go bhfuil a bpáirt á himirt acu go fóill i bhforbairt scoilphobal Gaeilge anseo ar Ard na bhFeá. Is cinnte go bhfuil aitheantas tuillte ag an obair iontach atá ar bun ag an fhoireann neamhtheagaisc bíodh sin sna saotharlanna eolaíochta nó ag cuidiú le daltaí Bóthar na bhFál a thrasnú go sábháilte ag deireadh an lae. Coinnigí oraibh agus leanaigí leis an dea-obair..



## Dinnéar 20 Bliain

**Over 350 past pupils, staff and friends came together for a gala dinner in the Europa Hotel in September to celebrate 20 years since Coláiste Feirste was founded in 1991. An excellent night was had by all and it is hoped that more such events will continue to develop the Coláiste Feirste community in the future.**

Tháinig iardhaltaí, iarmhúinteoirí agus cairde ó gach cearn den tír le páirt a ghlacadh in ócáid cheiliúrtha an scór a bhí ar siúl in Óstán Europa i mbliana. Bhí béile den scoth, céilí agus ceolchoirm le Gráinne Holland agus a banna ceoil eagraithe agus bhain gach duine sult agus tairbhe as na oíche. Labhair an chéad phríomhoide a bhí ag an scoil, Ferghus Ó hÍr, agus bhí cúpla focal ag an Ardmhéara, Niall Ó Donnghaile chomh maith. Ba mhór againn fosta go raibh bunaitheoirí na scoile i láthair ina measc Séamas Mac Seáin agus Cathal Ó Donnghaile. Thapaigh an Feisire Eorpach Bairbre de Brún an deis le teagmháil a dhéanamh leis an rang foirme a bhí aici fadó- cuid acu atá anois ag teagasc sa scoil. Ba thógáil croí é an oiread sin daoine óga ag labhairt na Gaeilge agus ag tabhairt aitheantais don oideachas speisialta a bhí acu ar Mheánscoil agus ar Choláiste Feirste. Tá súil againn nach mbeidh 20 bliain ann go dtí go mbíonn oíche eile eagraithe leis an scoilphobal a aontú arís.

# Peirspictíocht dalta ar an Ionad Tacaíochta



**The College Learning Support Centre enables pupils to access the full curriculum. Máiréad Nig Uidhir has excelled in her academic studies- achieving A* in most of her subjects, despite the fact that her sight is weaker than her fellow students. Máiréad put pen to paper to give us her view on why the Centre has worked for her.**

**Mise agus an tIonad**
Is mise Máiréad Nig Uidhir. Tá mé sa dara bliain. Tá mé anseo le hinsint duit faoin taithí atá agam ar an Ionad. Is é an rud is fearr liom faoin Ionad ná mo phairtnéir in olcas, Máirtín. Tá grá agam do na cúntóirí eile freisin. Tá an tIonad iontach maith mar go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort. Tá deacrachtaí radhairc agam, agus déanann na múinteoirí s'agamsa agus foireann an Ionaid mo chuid leabhar agus áiseanna a mhéadú dom, agus tig liom mo chuid oibre a dhéanamh mar is ceart. Tá an áit iontach dathúil agus sultmhar. Bíonn scaifte an-mhór ann ag am sosa agus ag am lóin. Le teacht isteach san Ioand caithfidh cárta/pas a bheith agat. Má thagann tú chuig an Ionad, tugann sé seans duit bualadh le daoine eile. Ach, an fíor-fháth a bhainim sult as an Ionad ná an dóigh go bhfuil Emer ábalta mionghháire a chur ar mo aghaidh gach uair a fheicim í. An rud is fearr liom faoin Ionad ná na daoine, na barróga, an ceol, an grá agus an sult is spraoi.
Máiréad Nig Uidhir 9C



# Físchomhdháil le John O'Dowd

**Coláiste Feirste students joined with students from a selected number of other post-primary schools to put Minister of Education John O'Dowd through his paces in a live videoconference event this term.**

I mí na Samhna ghlac daltaí de chuid Choláiste Feirste páirt i ndíospóireacht ar líne leis an Aire Oideachais John O'Dowd.
Tá Coláiste Feirste ar thús cadhnaíochta leis an teicneolaíocht físchomhdhála le blianta beaga anuas agus muid ag comhoibriú ar líne le scoileanna sa tSeapáin agus i SAM.
Chuir na daltaí ceisteanna faoi áiseanna nua don scoil agus faoi fhorbairt na hiarbhunscolaíochta lánGhaeilge i gceantair eile. Arsa Clodagh Ní Bhroin, duine de na daltaí, "Bhain mé an-sult as an fhaill seo labhairt leis an Aire ar líne. Shíl mé go raibh an t-Aire an-dearfach faoi fhorbairt na Gaelscolaíochta. Is breá liom an scoil seo agus sílim gur chóir go mbeadh an deis ag níos mó daoine óga foghlaim trí mheán na Gaeilge." Tá taifead iomlán den díospóireacht ar fáil ag www.esags.tv

# Bronnadh na nDuaiseanna



**An excellent night was had by pupils, parents, teachers and guests in Coláiste Feirste when the annual prizegininng was held to celebrate pupil achievements.**

**Irish Medium Education and the Future of Belfast was the theme of the evening and Coláiste Feirste Past Pupil and Belfast's Lord Mayor presented the prizes.**

Bhí oíche den scoth ag scoilphobal Choláiste Feirste nuair a tháinig iardhalta agus Ardmhéara Bhéal Feirste ar ais chuig a Alma Mater chun aitheantas a thabhairt do na daltaí a bhain ardchaighdeán amach ina scrúduithe GCSE agus Ardleibhéil. Bhain daltaí na scoile barr feabhais amach arís i mbliana agus ba mhór an bród a bhí ar Dhonall Ó Dochartaigh agus ar Chaoimhín Mac Colaim as na sárghráid a bhain siad amach ina scrúduithe Ardleibhéil. Bhí neart A* ag daltaí GCSE chomh maith- go háirithe Sinéad Ní Thuamáin a bhain 100% amach ina scrúdú GCSE Ealaín.
Rinneadh ceiliúradh fosta ar bhuanna na ndaltaí ar pháirc na himeartha agus ar ardán na dramaíochta chomh maith. Labhair Niall Ó Donnaile go spreagúil faona thaithí ar an scoil agus faoin fhís atá aige don Ghaeilge i saol na cathrach seo sa todhchaí. Tá clú bainte amach ag Niall mar an tArdmhéara is óige a ceapadh sa chathair seo ach is suntasaí i bhfad dúinne gur eisean an chéad Ardmhéara ar an chathair a fuair a chuid oideachais sa chóras Gaeloideachais. Táimid cinnte go mbeidh neart eile sa todhchaí!




# Feachtas na Nollag ar son Action Caner

**Year 13 COPE students organised a series of events in the school to raise awareness about the issues surrounding people who suffer with cancer and to promote the work of Action Cancer.**

Ar an Luan an 12ú Nollaig, d'eagraigh daltaí Bhliain 13 imeacht feasachta ar an ailse don aos óg sa scoil. Mar chuid den chúrsa CoPE, d'oibrigh siad le chéile agus d'eagraigh siad an t-imeacht feasachta agus tiomsaithe airgid ar son Action Cancer. Tháinig oibrí feasachta isteach chun na scoile ó Action Cancer agus chuir sí dhá sheisiún ar siúl do ranganna 8A, 8B, 8C agus 8D. D'fhoghlaim siad cuid mhór rudaí tábhachtacha faoin ailse agus na dóigheanna is fearr lena sheachaint. Dúirt Tiarnán Mac Siacais, dalta as 8B, "D'fhoghlaim mé cuid mhór rudaí nach raibh a fhios agam faoi ailse. Ní raibh a fhios agam go raibh uair an chloig aclaíochta de dhíth achan lá agus gur cheart uachtar gréine a chaitheamh go rialta go háirithe i rith an tsamhraidh, fiú nuair nach bhfuil sé iomlán grianmhar". Is sampla iontach é seo de dhaltaí na scoile ag glacadh freagrachta agus ag léiriú scileanna ceannaireachta le dul i bhfeidhm ar bhealach an-dearfach ar aos óg na scoile.
Rónán Ó Scolláin

# Saothar Ealaíne GCSE agus Ardleibhéil le feiceáil sa Chultúrlann

**Coláiste Feirste's Art Department has gone from strength to strength and the work presented by pupils for exams is of the highest quality. In recognition of this the Cultúrlann has invited the school to provide an exhibition of the pupils work, which is open to the public.**

Is ar éigean a bhí go leor spáis i nDánlann an Cultúrlainne don saothar ealaíne d'ardchaighdeán a bhí le cur ar taispeáint. Bhain daltaí an Choláiste barr feabhais amach ina scrúduithe i mbliana, bhí daltaí dár gcuid a bhain 100% amach ina scrúduithe. Bhí lúcháir ar an Roinn Ealaíne gur oscail an Chultúrlann an Dánlann s'acu don Choláiste agus thapaigh siad an deis leis na ballaí a chlúdach le healaín tharraingteach na ndaltaí. Is féidir leis an phobal bualadh isteach agus an taispeántas a fheiceáil go dtí deireadh mhí Eanáir agus is cinnte go mbeidh sibh den bharúil gur iontach an dóigh é seo chun buanna ealaíne ár ndaltaí a cheiliúradh.



# Aonach Oibre an Choláiste rathúil arís i mbliana



**The Coláiste Feirste Employment Fair which is organied in partnership with Forbairt Feirste was a roaring success this year again with nearly 40 schools and orgainisations taking part.**

Tá méadú mór le sonrú ar dheiseanna fostaíochta in earnáil na Gaeilge- ach an bhfuil a fhios ag daltaí scoile faoi na féidearthachtaí uilig? Is aidhm leis an Aonach Oibre an t-eolas seo a chur in iúl do dhaltaí Choláiste Feirste agus do dhaltaí atá ag staidéar na Gaeilge i scoileanna Béarla na tíre chomh maith. Bhí na céadta i láthair ar an lá agus ba chúis áthais dúinn go raibh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i láthair lena Seiminéar Buntáiste Breise na Gaeilge. Thug seo deis do dhaltaí éisteacht le daoine clúiteacha i ndomhan na Gaeilge agus cluinstin faoi na rudaí a thug spreagadh dóibh. Bhí rath iontach ar Aonach na bliana seo agus is cinnte go leanfar leis an imeacht seo go gceann i bhfad.

# Scéalta na Leabharlainne

**The school library has continued to be a centre for reading, discussion and literacy this year with a programme of trips, activities and workshops. Children's author Anna Heusseff came to the school to work with our students as well as visitors from other local schools.**




Tá tréan imeachtaí ar siúl sa leabharlann na laethanta seo agus is cinnte go bhfuil léitheoirí agus scríbhneoirí óga an Choláiste ag foghlaim a gceirde go héifeachtach. Tá clár cuimsitheach curtha i bhfeidhm i mbliana. Thug an club leabhair cuairt ar an Cheathrú Poilí agus ghlac daltaí ón scoil páirt sa Drewett Book Awards. Tá daltaí atá ag staidéar na Gaeilge i scoileanna eile ar nós Scoil Mhuire agus Scoil La Salle ag glacadh páirte sna himeachtaí seo chomh maith. Bhain gach duine sult as cuimse as an cheardlann a chuir an t-údar Anna Heusseff ar fáil an mhí seo caite i Leabharlannn an Choláiste agus is cinnte go mbeidh neart imeachtaí eile ag titim amach go luath.

## Focal ón Eagarthóir

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh leis an eagrán seo den Nuachtlitir a fhoilsiú, go háirithe Breandán Ó Fiach a bhíonn ina chrann taca i gcónaí.
Diarmaid Ua Bruadair